

Cabhair le Ceannach – Treoir Achomair d’Institiúidí Iasachta

Eanáir 2023

Réamhrá

Dearadh an **scéim Cabhair le Ceannach (CLC)** chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire leis an éarlais a theastaíonn chun maoin cháilitheach a cheannach nó a fhéin-tógáil chun cónaí ann mar a n-áit chónaithe. Foráiltear leis an CLC d'aisíocaíocht Cánach Ioncaim agus Cánach Coinneála ar Ús Taisce (CCÚT) a íoctar sa Stát do na ceithre bliana cánach roimhe, faoi réir na dteorainneacha a bhfuil achoimre orthu sa reachtaíocht (alt 477C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997).

Tugadh scéim feabhsaithe CLC isteach in 2020 mar pháirt den phacáiste Spreagthaí an Rialtas. Tá síneadh breise curtha leis an bhfaoiseamh feabhsaithe CLC agus tá sé le dul in éag anois ar an 31 Nollaig 2024. Sa chás go síníonn na hiarratasóirí conradh chun maoin cáilithíoch a cheannach nó go dtarraingíonn anuas an chéad sciar den mhorgáiste i gcás maoin féin-tógála le linn na tréimhse idir an 23 Iúil 2020 agus an 31 Nollaig 2024, foráiltear leis an bhfeabhsú seo go mbeidh na hiarratasóirí incháilithe le haghaidh faoiseamh méadaithe faoin scéim CLC go dtí an tsuim is ísle den mhéid seo:

- i. €30,000, nó
- ii. Foráiltear leis an CLC d'aisíocaíocht cánach ioncaim agus Cánach Coinneála ar Ús Taisce (CCÚT) a íoctar sa Stát do na ceithre bliana cánach roimhe, faoi réir na dteorainneacha a bhfuil achoimre orthu sa reachtaíocht (alt 477C den ACC).
- iii. 10% den praghas ceannaigh nó den luacháil faofa i gcás féin-tógála.

Céard is iasachtóir incháilithe ann?

Chun bheith aitheanta mar iasachtóir incháilithe chun críocha na scéime CLC, ní mór don institiúid iasachta bheith ina iasachtóir incháilithe chun críocha ailt 244A. Faoi alt 244A, foráiltear d'ús íochta ar iasachtaí áirithe tithíochta. Tar éis don iasachtóir a bhunú gur iasachtóir incháilithe iad chun críocha ailt 244A, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh a bheith curtha le liosta na n-iasachtóirí incháilithe don scéim CLC. Féadtar é seo a dhéanamh trí M'Fhiosruithe, agus ba chóir na sonraí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

1. Ainm cláraithe an iasachtóra
2. Deimhniú go bhfuil an t-iasachtóir ina iasachtóir incháilithe faoi alt 244A
3. Ainm agus uimhir teagmhála.

An faoiseamh uasta féideartha d'iarratas Cabhair le Ceannach a fhíorú

Mar phríomh-gheallsealbhóirí i gceannach tí, is gá d'institiúidí iasachta an faoiseamh uasta féideartha atá ar fáil ar iarratas Cabhair le Ceannach a dheimhniú a roimh an gcinneadh faomhadh morgáiste maidir leis an gceannaitheoir céaduaire nó an féin-tógálaí céaduaire. Tá tuilleadh sonraí faoin bpróiseas CLC ó thaobh an iarratasóra de ar fáil in **Treoir Achomhair d'Iarratasóirí ar CLC**

Tar éis don cheannaitheoir céaduaire nó don fhéin-tógálaí céaduaire céim an iarratais a chomhlánú, féadann institiúid iasachta an iarratasóra nó institiúid iasachta an fhorbróra/ chonraitheora an uirlis **Fiosrú Morgáiste** a úsáid leis an bhfaoiseamh uasta atá ar fáil don iarratasóir a dheimhniú roimh faomhadh morgáiste nó sula sínítear aon chonradh. Déantar é seo trí Uimhir an Iarratais CLC agus an Cód Rochtana CLC a chur isteach (curtha ar fáil ag an gceannaitheoir céaduaire). Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go dtiocfaidh athrú ar shuim na haisíocaíochta CLC ón uair a dheimhnítear praghas ceannaigh na maoin.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.